Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**6370/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0801(NLE)**

**INST 41**
**CMPT 2**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí – Glacadh |

1. De bhun Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an liosta de chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát, go ceann téarma 6 bliana.

2. Baineann an athnuachan pháirteach atá á déanamh faoi láthair ar an gCúirt Iniúchóirí le comhalta amháin. Rachaidh téarma oifige Viorel ȘTEFAN in éag an 30 Meitheamh 2025[1].

3. Mhol Rialtas na Rómáine go gceapfaí Lucian ROMAȘCANU mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí, in ionad Viorel ȘTEFAN, ón 1 Iúil 2025[2].

4. An 12 Feabhra 2025, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Lucian ROMAȘCANU a cheapadh mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí.

[1] 10276/24.
[2] 5958/25.

5. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi maidir leis an gceapachán sin an 1 Aibreán 2025.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an gCinneadh lena gceaptar an comhalta atá molta den Chúirt Iniúchóirí, mar a leagtar amach in 6374/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.